

AN CHUACH.

Ní fheicfeá cuach gan caológ ag imtheacht i n-éinfeacht léithe. Nuair a éireochas an chuach éireochaidh an chaológ ar an bpointe boise. Tá an t-an-chion ag an gcuach ar an gcaológ agus ag an gcaológ ar an gcuach. Ní dhéanann an chuach nead ach bíonn sí ag faire go ndéanann an chaológ nead agus ag imtheacht léithe. Nuair a geithfidh sí an nead déanta ag an gcaológ agus na huibheacha beirthe tiocfaidh an chuach agus caithfidh sí amach uibheacha na caolóige as an nead agus béarfaidh sí féin a hubh innte. Ní bheireann sí ach aon ubh amháin. Gabhfaidh an caológ ar gor annsin ar ubh na cuaiche agus leighfidh sí amach í. Béidh sí ag beathú an éinín go mbeidh sé ina chuach, go mbeidh sé chó mór leis an máthair, beidh an chaológ dá beathú i gcaitheamh na haimsire. Ní labhrann an chuach i nÁrdfhraoch. San tsean aimsir fadó bhíodh iasgairí i nGaillimh agus iasgairí i nÁrdfhraoch nuair a tháinig na Gaillimhe amach i naice le Árdfhraoch ag cuir líonta ag iarraidh sgadán tháinig muinntir Árdfhraoch amach agus bádh siad dhá bhád le iasgairí na Gaillimhe agus a raibh innte. d'fhir. Níor labhair an chuach ó shoin i nÁrdfhraoch.

1/12/1931.